# An focal draíochta 'Malartú'

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhearthacht – suimiú<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse cur chuige a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• modh oibre s'acu a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | deich nAonad, malartú a dhéanamh, 10 nAonad a mhalartú do dheich amháin, a shuimiú le |
| **Áiseanna** | Ábhair Bhonn 10, mata ionadluacha, díslí |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

I mbeirteanna, déanann daltaí sealaíocht ar a chéile ag caitheamh an dísle agus ag bailiú líon na n-aonad comhfhreagrach ón Ábhair Bhonn 10. Cuireann siad sa fhráma ar an mhata ionadluacha iad. Is é an buaiteoir ná an chéad dalta le deich n-aonad a mhalartú. Mar shampla, is é 10 an buaiteoir. Déan an uimhir seo a thaifeadadh ag úsáid saigheadchártaí, cártaí digite nó i bhfoirm scríofa. Clúdaigh uimhreacha níos mó, m.sh. dhá dheich, trí dheich srl.

### 2 Gníomhaíocht 2

Úsáid áis ar líne Bonn 10 faoi choinne daingniú pictiúrtha de Ghníomhaíocht 1, ag taifeadadh uimhreacha i ndiaidh gach malartaithe.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad aonad atá de dhíth le malartú a dhéanamh ar deich agus a mhalairt?<br>• Cén focal draíochta a úsáideann muid le cur síos a dhéanamh ar a ndearna muid? | • An bhfuil uaireanta eile ann i do lá nuair a mhalartaíonn tú rud éigin ar rud eile? Labhair faoi na rudaí sin. |

## Difreáil

Socraigh fad ama caite ar thaithí phraiticiúil de réir mar is gá. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

# An focal draíochta 'Malartú'

| Deicheanna | Aonaid |
| --- | --- |
| | |